FUTURE GENERATIONS

TÁIMID TIOMANTA machnamh a dhéanamh ar na prionsabail um cheartais aeráide seo agus iad a chur i bhfeidhm inár n-idirghníomhaíochtaí le daoine óga; inár dtionscadail; inár gcláir; inár gcleachtas; agus inár gcomhoibriú le heagraíochtaí eile; inár mbeartas agus taighde don óige; inár rannpháirtíocht leis an óige; agus trí oiliúint foirne agus forbairt ghairmiúil.

CAIRT UM CHEARTAS AERÁIDE

AN AIDHM:

Is cuireadh í an chairt seo do gach eagraíocht agus do gach institiúid a chreideann gur gné thábhachtach í cloí le prionsabail an cheartais chun aistriú cóir a sheachadadh.

Bí linn trí chlárú leis an gcairt seo agus tiomantas a léiriú obair le daoine óga agus ar a son ar mhaithe leis an domhan ina bhfuilimid a fheabhsú, chun go mbeidh sé níos sábháilte agus níos cothroime dá bharr.

We are signatories of the Climate Justice Charter – CLIMATE JUSTICE

SEO A LEANAS PRIONSABAIL AN CHEARTAS AERÁIDE:

1. Meas a léiriú ar Chearta Daonna agus iad a Chosaint

Toisc go dtuigimid go mairimid i ndomhan atá éagórach, tá sé ríthábhachtach go seasaimid le prionsabail, le cleachtais agus le cosaintí um Chearta an Duine. Caithfidh ár gcinntí agus ár ngníomhartha a chinntiú i gcónaí go bhfreastalaítear ar bhunriachtanais gach duine.

2. Tacú le Cearta Labhartha an Duine agus Éisteacht leo

Má fhágtar aon ghuth amach as comhrá, ní comhrá cuimsitheach a bhíonn ann. Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go gcloistear gach guth, go háirithe guthanna ó ghrúpaí ar an imeall, agus sinn ag bogadh i dtreo an gheilleagair ghlais. Ní mór dúinn pobail leochaileacha agus daoine óga a chumhachtú agus tacú leo ar bhealach bríoch agus spriocdhírithe, chun labhairt ar an athrú aeráide agus a bheith mar chuid de chinntí faoi athrú aeráide. Is ar an mbonn seo a déantar an focal 'cóir' a dhaingniú san aistriú cóir.

3. Gníomhú ar bhonn atá Cothromasach, seachas ar bhonn atá Cothrom

Is é a bheidh i gceist le fíor-chothroime san aistriú seo, ná caitheamh le daoine ar bhealach difriúil, ag brath ar a riachtanais. Ní mór dúinn oibriú leo siúd is mó go bhfuil cabhair nó tacaíocht uathu chun dul i ngleic leis an aistriú, chun a chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár. Má phléitear go cothrom le daoine, ach neamhaird a thabhairt ar riachtanais na ndaoine úd, ní bhaintear amach an toradh cóir atá uainn go léir.

4. A bheith i gcoinne Idirdhealú d'Aon tSaghas

Ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar gach saghas idirdhealaithe agus cos ar bolg a bhaineann le hinscne, le gnéas, le cine, le haois, le creideamh, le michumas, le haicme, agus le slite beatha, ar mhaithe le domhan a chruthú a bheidh bunaithe ar ghlacadh le héagsúlacht, le cothromas agus le síocháin.

5. Oideachas a Úsáid don Mhaoirseacht Aeráide

Chun cobhsú aeráide a bhaint amach beidh gá le hathruithe radacacha a dhéanamh ar stíleanna maireachtála agus ar iompair laethúla. Tá cumhacht ag dea-oideachas a thacaíonn le smaointeoireacht chriticiúil, le machnamh agus le foghlaim ar feadh an tsaoil na luachanna, na scileanna, na hiompraíochtaí agus an t-eolas atá riachtanach a thabhairt do na glúnta atá le teacht chun na hathruithe córasacha riachtanacha seo a chur i bhfeidhm. Is gá d'earnáil na hóige a bheith chun tosaigh sa chúram seo.

6. Comhpháirtíochtaí Éifeachtacha a Chruthú

Tá comhoibriú agus comhthiomsú trédhearcach eolais agus acmhainní ag croílár na slí ina gcuirfear ceartas aeráide ar fáil. Beidh dlúthpháirtíocht ó ghlúin go glúin agus oibriú le chéile tábhachtach chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, na Pleananna Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus na beartais óige a bhaint amach.

7. Cónaisc ón Áitiúil go dtí an Domhanda a Chinntiú

Níos mó ná riamh, tá ár saol idirnasctha agus idirspleách. Is gá an dinimic cumhachta a chruthaigh na neamhionannais mhóra a mhaireann idir tíortha agus laistigh díobh a thuiscint má táthar chun aistriú cóir a bhaint amach. Ní mór dúinn sinn féin a chur ar an eolas faoi stair na n-éagór agus gníomhú ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda ar bhealaí a thacóidh le hidirghníomhaíocht níos cothroime idir dhaoine agus pobail ar fud an domhain. Anuas ar sin, ní mór dúinn deiseanna a sholáthar do na tíortha sin, a fágadh ar lár go traidisiúnta, chun dul i ngleic ar son a ndaoine muinteartha ar mhaithe le freastal orthu ar bhonn cóir, cothromasach agus ceart. Le daonra domhanda na n-óg ag dul i méid, tá ról tábhachtach ag earnáil na hóige tacaíocht a thabhairt naisc a chruthú, caidrimh agus dlúthpháirtíocht a thógáil, tionchar a imirt ar bheartas, agus tabhairt faoi ghníomh eolasach.

TÁ SÉ MAR AIDHM AG CAIRT UM CHEARTAS AERÁIDE NA NGLÚNTA ATÁ LE TEACHT NA PRIONSABAIL SEO A NEADÚ AR NA BEALAÍ SEO A LEANAS:

Tríd an ngéarchéim aeráide a aithint mar ghéarchéim cheartais freisin, go háirithe do na tíortha agus na pobail sin is lú a chuireann le hathrú aeráide.

Trí admháil go mbaineann saincheisteanna ceartais leis an gcóras ar fad, agus go bhfuil freagracht chomhchoiteann ríthábhachtach chun a chinntiú go gcomhlíontar prionsabail an cheartais aeráide.

Trí chinntiú go gcaitear leis na daoine agus leis na pobail go mbímid ag obair leo le ceartas aeráide agus le prionsabail aistrithe cóir, agus go mbímis de shíor ag smaoineamh faoina daoine, na pobail agus na timpeallachtaí a d'fhéadfadh a bheith faoi thionchar ag ár n-obair leanúnach.

Trí mhachnamh a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ár gcleachtais reatha ar dhaoine, ar phobail, agus ar an gcomhshaol, agus an tuiscint ionainn go mb'fhéidir go mbeidh iarmhairtí níos measa ag ár n-easpa gnímh ar dhaoine eile. Mar sin, déanfaimid iarracht ghníomhach ár gcleachtais reatha a ailíniú le prionsabail an cheartais aeráide.

Trí fheidhmiú ar bhealach a laghdaíonn tionchar diúltach ár n-eagraíocht ar phobail agus ar an gcomhshaol, chomh maith le bheith trédhearcach faoi na diúltacha féideartha sin agus an bealaí atá beartaithe againn chun iad a mhaolú.

Trí chinntiú go nglactar le cur chuige idirghlúine agus eagraíochta (bord bainistíochta, bainistíocht, baill foirne, oibrithe deonacha, daoine óga) inár gcuid oibre agus sinn ag cruthú braistint dlúthpháirtíochta, oideachais, idirnascthachta agus feasachta maidir le Ceartas Aeráide agus le Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe ag leibhéil phearsanta, áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda.

Trí admháil go mbíonn éagóracha aeráide trasnach, agus go bhfuilid nasctha, dá bharr, go dlúth le saincheisteanna sóisialta eile cosúil le ciníochas, feimineachas, aicmeachas, agus eile.

Tríd ár gcomhoibriú agus ár gcomhfhiontar a dhoimhniú ag leibhéal náisiúnta agus domhanda le daoine eile a léiríonn dlúthpháirtíocht freisin leis an ngluaiseacht um cheartas aeráide. Táimid tiomanta é seo a bhaint amach trí fhaisnéis agus trí eolas ar cheartas aeráide a roinnt go trédhearcach.

Trí obair ghníomhaithe, dhaoine aonair, ghrúpaí agus líonraí eile atá ag gníomhú ar son phrionsabail an cheartais aeráide a chumhachtú agus a chur chun cinn agus feidhmiú mar chomhpháirtithe leo (nuair is féidir).

Trí chinntiú go gclúdaítear daoine agus samplaí ón ndeisceart domhanda inár gcuid oibre, ionas go mbeidh naisc agus caidrimh le feiscint idir a bhfuil ag tarlú in Éirinn agus in áiteanna eile ar domhan.

COMHPHÁIRTITHE

MAOINITHE AG